Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026
(OR. en)

8057/26

LIMITE

CORLX 349
CFSP/PESC 506
CSDP/PSDC 219
EUMAM MOZ 3
EUTM MOZ 2
COAFR 93
CSC 219

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnaimh mhíleata i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnaimh mhíleata i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Feabhra 2026 i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUMAM Mozambique, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh 6 mhí a chur le sainordú an mhisin go dtí an 31 Nollaig 2026, agus d'iarr sé ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí Measúnú Straitéiseach a thíolacadh i mí Mheán Fómhair 2026.

(2) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1143 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2021/1143 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. EUR 3 140 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna an Mhisin don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 50 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.’;

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tiocfaidh deireadh leis an Misean an 31 Nollaig 2026.’.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC